

*Déardaoin, 6 Iúil, 2006*  
*Thursday, 6th July, 2006*

10.30 a.m.

---

**ORD GNÓ**  
**ORDER OF BUSINESS**

- a12a.** Tairiscint *maidir leis* an gComhchoiste um Chosaint Leanaí a Bhunú.  
Motion *re* Establishment of Joint Committee on Child Protection.
- a12b.** Tairiscint *maidir le* Comhaltas Coiste.  
Motion *re* Membership of Committee.
- 12.** Tairiscint *maidir le* Buan-Ordú 121.  
Motion *re* Standing Order 121.
- 13.** Tograí le haghaidh reachtaíochta maidir le Craolachán — Treoir don Chomhchoiste.  
Proposals for legislation in relation to Broadcasting — Instruction to Joint Committee.
- 14.** Meastachán Forlíontach i gcomhair Seirbhísí Poiblí [Vóta 40].  
Supplementary Estimate for Public Services [Vote 40].
- 14a.** (l) Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis an Aire Airgeadais do dhiúscairt scaireanna i nGrúpa Aer Lingus cpt de réir alt 3(2) den Acht um Aer Lingus 2004.  
(a) Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the disposal of shares in Aer Lingus Group plc by the Minister for Finance in accordance with section 3(2) of the Aer Lingus Act 2004.

**FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA**  
**NOTICE OF NEW BUSINESS**

- 10a.** An Bille Toghcháin (Leasú) 2006 — Ordú don Dara Céim.  
Electoral (Amendment) Bill 2006 — Order for Second Stage.

**I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ**  
**AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS**

*Billí a thionscnamh : Initiation of Bills*

*Tíolactha:*

*Presented:*

- 10a.** An Bille Toghcháin (Leasú) 2006 — Ordú don Dara Céim.  
Electoral (Amendment) Bill 2006 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir le postvótáil i dtoghcháin agus i reifrinn ag daoine atá i bpríosún sa Stát agus atá i dteideal vótáil i dtoghcháin agus i reifrinn; do leasú Acht Toghchán an Uachtaráin 1993, an Achta um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997 agus achtachán áirithe eile agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara

Bill entitled an Act to provide for postal voting at elections and referendums by persons who are imprisoned in the State and who are eligible to vote at elections and referendums; to amend the Presidential Elections Act 1993, the European Parliament Elections Act 1997 and certain other enactments and to provide for related matters

— *An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.*

*Fógraí Tairisceana : Notices of Motions*

**a12a.** “(1) Go ndéanfar Roghchoiste, ar a mbeidh seacht gcomhalta de Dháil Éireann a chomhcheangal le Roghchoiste a cheapfaidh Seanad Éireann chun bheith ina Chomhchoiste um Chosaint Leanaí:—

(1) That a Select Committee consisting of seven members of Dáil Éireann be joined with a Select Committee to be appointed by Seanad Éireann to form the Joint Committee on Child Protection to:—

— chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dlí coiriúil substainteach a bhaineann le cionta gnéasacha in aghaidh leanaí;

— review the substantive criminal law relating to sexual offences against children;

— chun scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna a ghabhann le haois an toilithe i ndáil le cionta gnéasacha;

— examine the issues surrounding the age of consent in relation to sexual offences;

— chun scrúdú a dhéanamh ar nósanna imeachta ceartais choiriúil a bhaineann le fianaise ó leanaí i gcásanna droch-úsáide;

— examine criminal justice procedures relating to the evidence of children in abuse cases;

— chun breithniú a dhéanamh ar na himpleachtaí a éiríonn as Cinneadh na Cúirte Uachtaraí an 23 Bealtaine, 2006, i gcás ‘C.C.’ agus ar thorthaí an cháis sin;

— consider the implications arising from and the consequences of the Supreme Court decision of the 23rd May, 2006 in the ‘C.C.’ case;

— chun scrúdú a dhéanamh ar a inmhianaithe a bheadh nó nach mbeadh sé an Bunreacht a leasú d’fhonn déileáil le toradh chás ‘C.C.’ agus/nó foráil a dhéanamh do cheart ginearálta cosanta le haghaidh leanaí;

— examine the desirability or otherwise of amending the Constitution to deal with the outcome of the ‘C.C.’ case and/or to provide for a general right of protection for children;

— chun cibé moltaí eile a dhéanamh maidir le cosaint leanaí agus is cuí leis an an gCoiste;

— make such other recommendations on the protection of children as shall to the Committee seem appropriate;

déanfaidh an Coiste tuairisc a thabhairt don dá Theach mar aon le moltaí i dtuarascáil deiridh faoin 30 Samhain, 2006;

the Committee shall report back to each House with recommendations in a final report by 30th November, 2006;

(2) Beidh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an tAire Stáit ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ag a bhfuil freagracht speisialta maidir le leanaí) ina gcomhaltaí *ex-officio* den Choiste agus beidh siad i dteideal vótáil;

(3) Ceathrar is córam don Chomhchoiste, agus beidh duine amháin acu ar a laghad ina Chomhalta nó ina Comhalta de Dháil Éireann agus duine amháin ar a laghad ina Chomhalta nó ina Comhalta de Sheanad Éireann;

(4) Beidh na cumhachtaí ag an gComhchoiste a mhínítear i mBuan-Orduithe 81(1) go (8) go huile agus 91(2);

(5) Beidh Cathaoirleach an Chomhchoiste ina Chomhalta de Dháil Éireann.

— *An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*

(2) The Minister for Justice, Equality and Law Reform and the Minister of State at the Department of Justice, Equality and Law Reform, the Department of Health and Children and the Department of Education and Science (with special responsibility for children) shall be *ex-officio* members of the Committee and shall be entitled to vote;

(3) The quorum of the Joint Committee shall be four, of whom at least one shall be a Member of Dáil Éireann and one a Member of Seanad Éireann;

(4) The Joint Committee shall have the powers defined in Standing Orders 81(1) to (8) inclusive and 91(2);

(5) The Chairperson of the Joint Committee shall be a Member of Dáil Éireann.”

**a12b.** “Go ndéanfar na comhaltaí seo a leanas a cheapadh ar an Roghchoiste um Chosaint Leanaí:—

Deputies James Breen, John Curran, Olwyn Enright, Brendan Howlin, M.J. Nolan, Jim O’Keeffe and Peter Power.”

— *Tomás Ó Ceit, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

**12.** “D’ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe, le héifeacht ón 27 Meán Fómhair, 2006, go nglacfar an méid seo a leanas in ionad Bhuan-Ordú 121 de Bhuan-Orduithe Dháil Éireann i dtaobh Gnó Phoiblí:

‘121. Nuair a bheidh Bille le breithniú i gCoiste nó ar Thuarascáil,

(a) is i scríbhinn arna síniú ag an gcomhalta a bheidh leasuithe a bheidh le tairiscint agus sroichfidh siad an Cléireach tráth nach déanaí ná 11 a.m. ar an gceathrú lá roimh an lá sin ar a mbeidh an Bille nó, más cuí, an chuid de a mbeidh siad dírithe uirthi, le breithniú agus cuirfear in ord ceart iad,

(b) is i scríbhinn arna síniú ag an gcomhalta a bheidh leasuithe ar leasuithe a bheidh le tairiscint agus sroichfidh siad an Cléireach tráth nach déanaí ná 11 a.m. ar an dara lá roimh an lá sin ar a mbeidh an Bille nó, más cuí, an leasú

That the following members be appointed to the Select Committee on Child Protection:—

That, notwithstanding anything in Standing Orders, with effect from 27th September, 2006, the following be adopted in substitution for Standing Order 121 of the Standing Orders of Dáil Éireann relative to Public Business:

‘121. When a Bill is to be considered in Committee or on Report,

(a) proposed amendments shall be in writing signed by the member and shall reach the Clerk not later than 11 a.m. on the fourth day preceding that on which the Bill or, if appropriate, the part thereof to which they are addressed, is to be considered and shall be arranged in the proper order,

(b) proposed amendments to amendments shall be in writing signed by the member and shall reach the Clerk not later than 11 a.m. on the second day preceding that on which the Bill or, if appropriate, the proposed amendment

atá le tairiscint ar an mBille a mbeidh siad dírithe air, le breithniú agus cuirfear in ord ceart iad:

Ar choinníoll, dá ainneoin sin, ar bhonn eisceachtúil, nó in imthosca ina bhfágfaí, de bharr sceideal níos giorra a bheith ann do ghnó Bille, go mbeadh feidhmiú praiticiúil an sprioc-ama dodhéanta, go bhféadfar leasuithe, nó leasuithe ar leasuithe, a thairiscint ar fhógra níos giorra de rogha an Ceann Comhairle amháin, nó le cead roimh ré ón gCathaoir gan fhógra.’

— *Tomás Ó Ceit, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

to the Bill to which they are addressed, is to be considered and shall be arranged in the proper order:

Provided, nevertheless, that on an exceptional basis, or in circumstances where shorter scheduling of business of a Bill makes practical application of the deadline impossible, amendments, or amendments to amendments, may be moved on shorter notice at the sole discretion of the Ceann Comhairle, or with the prior permission of the Chair without notice.’”

**13.** “Gur treoir é don Chomhchoiste um Chumarsáid, Muir agus Acmhainní Nádúrtha maidir le tograí le haghaidh reachtaíochta i ndáil le craolachán a chuirfidh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha faoina bhráid, go ndéanfaidh sé (nó Fochoiste arna cheapadh aige chun na críche sin), sula bhfoilseofar an reachtaíocht sin—

(a) a chur faoi deara na tograí, mar aon le cibé doiciméid ghaolmhara is cuí leis, a fhoilsiú ar an Idirlíon agus fógraíocht a dhéanamh ar shonraí an chéanna sna nuachtáin náisiúnta a luaithe is féidir tar éis na tograí a chur faoina bhráid;

(b) aighneachtaí a lorg agus a ghlacadh ó dhaoine agus comhlachtaí leasmhara, i bhformáid a bheidh le cinneadh ag an gComhchoiste, trí mheán an Idirlín agus cibé modhanna eile is cuí leis i ndáil leis na tograí;

(c) breithniú ar aighneachtaí a gheobhaidh sé (nó achoimre ar na haighneachtaí sin) agus, ar bhonn an bhreithnithe sin—

(i) a chinneadh cé na gnéithe de na tograí (nó téamaí a bheidh i gcoiteann ag líon de na gnéithe sin), más ann, is cóir cur leo le fianaise ó bhéal, agus

(ii) a chur faoi deara cibé aighneachtaí (nó achoimre ar na haighneachtaí sin nó sleachta astu) is cuí leis a fhoilsiú ar an Idirlíon;

(d) ansin, de bhun mhír (c)(i), dul ar aghaidh chun cibé fianaise ó bhéal is cuí leis a éisteacht i ndáil leis na gnéithe

That it be an instruction to the Joint Committee on Communications, Marine and Natural Resources regarding proposals for legislation in relation to broadcasting that may be submitted to it by the Minister for Communications, Marine and Natural Resources, that it (or a sub-Committee appointed by it for that purpose) shall, prior to such legislation being published—

(a) cause the proposals, together with such related documents as it thinks fit, to be published to the Internet and advertise details thereof in the national newspapers as soon as may be after the proposals have been submitted to it;

(b) invite and accept submissions from interested persons and bodies, in a format to be decided by the Joint Committee, through the Internet and such other means as it considers appropriate in relation to the proposals;

(c) consider submissions received (or a synopsis of such submissions) and, based on such consideration—

(i) determine those elements of the proposals (or themes common to a number of such elements), if any, that should be supplemented by oral evidence, and

(ii) cause such submissions (or a synopsis of or extracts from such submissions) as it thinks fit to be published to the Internet;

(d) then, pursuant to paragraph (c)(i), proceed to hear such oral evidence as it thinks fit in relation to the elements

arna sainaithe ag cruinniú nó ag cruinnithe a sheolfar go poiblí agus a chraolfar ar an Idirlíon;

(e) ag féachaint don mhéid sin roimhe seo, agus do thuairimí (nó coimriú nó achoimre ar na tuairimí sin) a bheidh sainráite i cibé fóram díospóireachta Idirlín a shocrófar i dtaca leis na tograí le haghaidh reachtaíochta agus pléití an Chomhchoiste sa ní, tuairisc a thabhairt ar a bharúlacha agus a thuairimí—

(i) ar na saincheisteanna a ardaíodh maidir leis na tograí le haghaidh reachtaíochta, agus

(ii) ar oibriú an Phróisis Chomhchomhairliúcháin Leictreonaigh de réir mar a tuigeadh leis an Ordú seo,

agus cibé moltaí is cuí leis a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt do Dáil Éireann.

— *Tomás Ó Ceit, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

identified at a meeting or meetings to be held in public and webcast;

(e) having regard to the foregoing, and to views (or a summary or synopsis of such views) expressed in such Internet discussion forum as may be arranged in connection with the proposals for legislation and the Joint Committee's deliberations in the matter, report its opinions and observations on—

(i) the issues raised in respect of the proposals for legislation, and

(ii) the operation of the e-Consultation Process as comprehended by this Order,

making such recommendations as it thinks fit, and report back to Dáil Éireann.”

**14.** “Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí [2006]:

*Vóta Uimh. 40 — Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Meastachán Forlíontach)*

Go ndeonófar suim fhorlíontach nach mó ná €340,000,000 chun íoctha an mhuirir a thiofadh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2006, le haghaidh thuarastail agus chostais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus seirbhísí áirithe eile atá faoi riaradh na Feidhmeannachta, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha.

Estimates for Public Services [2006]:

*Vote No. 40 — Health Service Executive (Supplementary Estimate)*

That a supplementary sum not exceeding €340,000,000 be granted to defray the charge which will come in course of payment during the year ending on the 31st day of December, 2006, for the salaries and expenses of the Health Service Executive and certain other services administered by the Executive, including miscellaneous grants.”

— *An tAire Airgeadais.*

**14a.** “Go gceadaíonn Dáil Éireann, de bhun alt 3(5) den Acht um Aer Lingus 2004, an tAire Airgeadais do dhiúscairt scaireanna i nGrúpa Aer Lingus cpt de réir alt 3(2) den Acht um Aer Lingus 2004, ar diúscairt í ar leagadh na prionsabail ghinearálta di faoi bhráid Dháil Éireann an 4 Iúil, 2006.

That Dáil Éireann, pursuant to section 3(5) of the Aer Lingus Act 2004, approves the disposal of shares in Aer Lingus Group plc by the Minister for Finance in accordance with section 3(2) of the Aer Lingus Act 2004, the general principles of which were laid before Dáil Éireann on 4th July, 2006.”

— *An tAire Iompair.*

*Leasú:*

*Amendment:*

1. In the last line after “2006” to insert the following:

“, and furthermore, Dáil Éireann resolves that—

- the Minister for Finance shall gain the approval of Dáil Éireann before allowing any reduction of the State's shareholding in Aer Lingus Group plc below the 25.1% referred to in the general principles;
- any approval granted by Dáil Éireann for the general principles of the disposal of shares in Aer Lingus Group plc shall, if not acted upon, expire within 4 months of the passing of this resolution; and
- all shares in Aer Lingus Group plc to be issued or placed in the initial public offering shall be valued and sold at an equal unit price per share to all investors and there shall be no price differential or distinction made between those shares, the proceeds of the sale of which go to the central fund of the Exchequer, and those shares, the proceeds of the sale of which go to Aer Lingus Group plc." — *Deputy Olivia Mitchell.*

### MEMORANDA

*Déardaoin, 6 Iúil, 2006*  
*Thursday, 6th July, 2006*

Cruinniú den Chomhchoiste um Oideachas agus Eolaíocht i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 9.30 a.m.

Meeting of the Joint Committee on Education and Science in Committee Room 3, LH2000, at 9.30 a.m.

Cruinniú den Chomhchoiste um Shláinte agus Leanaí i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 9.30 a.m.

Meeting of the Joint Committee on Health and Children in Committee Room 2, LH2000, at 9.30 a.m.

Cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i Seomra Coiste 1, TL2000, ar 11 a.m.

Meeting of the Committee of Public Accounts in Committee Room 1, LH2000, at 11 a.m.

### SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL

*Reachtúil:*

1) An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais. Tuarascáil Bhliantúil, 2005.

2) Tuarascáil na gCuideachtaí, 2005.

3) An Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha. Tuarascáil Bhliantúil, 2005.

4) An tOrdú fán Acht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin 2006 (Ailt 4, 9, 10, 11, 12, 13, 14, 16, 17, 18, 19, 20, 21, 22, 23, 24 agus 25) (Tosach Feidhme) 2006 (I.R. Uimh. 334 de 2006).

5) An Coimisinéir Teanga. Ráitis Airgeadais, 2005.

*Statutory:*

1) Financial Services Ombudsman. Annual Report, 2005.

2) Companies Report, 2005.

3) Judicial Appointments Advisory Board. Annual Report, 2005.

4) Social Welfare Law Reform and Pensions Act 2006 (Sections 4, 9, 10, 11, 12, 13, 14, 16, 17, 18, 19, 20, 21, 22, 23, 24 and 25) (Commencement) Order 2006 (S.I. No. 334 of 2006).

5) An Coimisinéir Teanga. Financial Statements, 2005.

*Neamhreachtúil:*

1) Tuarascáil na hOifige um Chlárú Cuideachtaí, 2005.

*Non-Statutory:*

1) Companies Registration Office Report, 2005.

- |   |  |
|---|--|
| 2) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Shláinte agus Leanaí. An Seachtú Tuarascáil: An Leibhéal Ard Féinmharaithe i Sochaí na hÉireann. Iúil, 2006. | 2) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Health and Children. Seventh Report: The High Level of Suicide in Irish Society. July, 2006. |
| 3) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Conarthaí Údarás Poiblí a Dhámhachtain) 2006 (I.R. Uimh. 329 de 2006).  | 3) European Communities (Award of Public Authorities' Contracts) Regulations 2006 (S.I. No. 329 of 2006).                                    |
| 4) An tOrdú um an Acht Airgeadais 2006 (Tosach Feidhme Alt 26 (1)) 2006 (I.R. Uimh. 322 de 2006).   | 4) Finance Act 2006 (Commencement of Section 26 (1)) Order 2006 (S.I. No. 322 of 2006).  |
| 5) An tOrdú um an Acht Airgeadais 2006 (Tosach Feidhme Alt 27 (1)) 2006 (I.R. Uimh. 323 de 2006).   | 5) Finance Act 2006 (Commencement of Section 27 (1)) Order 2006 (S.I. No. 323 of 2006).  |
| 6) An tOrdú um an Acht Airgeadais 2006 (Tosach Feidhme Alt 29 (1)) 2006 (I.R. Uimh. 324 de 2006).   | 6) Finance Act 2006 (Commencement of Section 29 (1)) Order 2006 (S.I. No. 324 of 2006).  |
| 7) An tOrdú um an Acht Airgeadais 2006 (Tosach Feidhme Alt 31 (1)) 2006 (I.R. Uimh. 325 de 2006).   | 7) Finance Act 2006 (Commencement of Section 31 (1)) Order 2006 (S.I. No. 325 of 2006).  |
| 8) An tOrdú um an Acht Airgeadais 2006 (Tosach Feidhme Alt 32 (1)) 2006 (I.R. Uimh. 326 de 2006).   | 8) Finance Act 2006 (Commencement of Section 32 (1)) Order 2006 (S.I. No. 326 of 2006).  |
| 9) An tOrdú um an Acht Airgeadais 2006 (Alt 30) (Tosach Feidhme Forálacha Áirithe) 2006 (I.R. Uimh. 327 de 2006).                                       | 9) Finance Act 2006 (Section 30) (Commencement of Certain Provisions) Order 2006 (S.I. No. 327 of 2006).                                     |
| 10) An tOrdú um an Acht Airgeadais 2006 (Alt 33) (Tosach Feidhme Forálacha Áirithe) 2006 (I.R. Uimh. 328 de 2006).                                      | 10) Finance Act 2006 (Section 33) (Commencement of Certain Provisions) Order 2006 (S.I. No. 328 of 2006).                                    |
| 11) An tOrdú um an Acht Airgeadais 2006 (Tosach Feidhme Alt 34 (1)) 2006 (I.R. Uimh. 332 de 2006).  | 11) Finance Act 2006 (Commencement of Section 34 (1)) Order 2006 (S.I. No. 332 of 2006).   |
-